


An
Bord
Pleanála

Éisteachtaí ó Bhéal

Nollaig 2018



Maidir leis an treoir seo

Gheofar sa treoir seo eolas do dhaoine a thagann chuig éisteachtaí ó bhéal de chuid an Bhoird Pleanála.

Ní mhaítear gur léirmhíniú é an treoir seo ar an dlí. Tá gach iarracht déanta againn chun treoir chruinn a chur ar fáil. Ní bheidh an Bord Pleanála freagrach, áfach, as aon ghníomh a éascraíonn as úsáid na treorach seo.

Clár

Na téarmaí a úsáidtear sa treoir seo.....	4
Cad is éisteacht ó bhéal ann?.....	7
Roimh an éisteacht ó bhéal	8
Clár oibre.....	8
Doiciméid a bheith ar fáil	8
Cóipeanna de dhoiciméid.....	8
Léirithe digiteachta agus úsáid na teicneolaíochta	9
Cabhrú leat ag an éisteacht ó bhéal.....	9
Freastal ar an éisteacht ó bhéal.....	10
Baill den phobal.....	10
Rannpháirtithe sa chás.....	10
Ionadaithe poiblí	10
Foireann an Bhoird Pleanála	11
Gnáthéisteacht ó bhéal.....	12
An oscailt	12
Aighneachtaí	12
Ceistiú	13
An dúnadh.....	13
Mionathruithe agus coinníollacha féideartha	13
Leideanna duit agus d'aighneacht á déanamh ag an éisteacht ó bhéal.....	14
Ag an éisteacht ó bhéal	15
Fóin phóca	15
Wi-Fi.....	15
An Ghaeilge agus éisteachtaí ó bhéal.....	15
Cothromaíocht, trédhearcacht agus eolas.....	15
An éisteacht ó bhéal a thaifeadadh	16
Na meáin.....	16
Cad a tharlaíonn tar éis éisteacht ó bhéal?.....	17
Gnóthaí dlí	17
Iompraíocht neamh-inghlactha agus cionta.....	17
Reachtaíocht	18
Déan teagmháil linn	18

Na téarmaí a úsáidtear sa treoir seo

Iarratasóir	Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála (féach Chéad Pháirt , leis).
Achomharcóir	Duine nó comhlacht a dhéanann achomharc (féach Chéad Pháirtí, Tríú Páirtí , leis).
Achomharc	Athbhreithniú ar chinneadh a rinne údarás pleanála ar iarratas pleanála.
Bord	Bord an Bhoird Pleanála.
Céad Pháirtí	An té a iarrann cead pleanála maidir le forbairt bheartaithe (féach Iarratasóir , leis).
Tionscadal údaráis áitiúil	Déantar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórforbairtí bonneagair (a dtugann an Rialtas tús áite dóibh) a chuireann údarás áitiúil isteach. Áirítear air sin cásanna gaolmhara agus cásanna eile a bhaineann le talamh a cheannaíonn údaráis áitiúla go héigeantach.
Tuairim, Breathnóir (Achomhairc)	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir nó den achomharcóir, a thráchtann ar achomharc (Féach Aighneacht , leis).

Tuairim, Breathnóir (Iarratais)	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir, a thráchtann ar achomharc (Féach Aighneacht , leis).
Éisteacht ó bhéal	Tionóltar éisteachtaí ó bhéal chun tuilleadh plé agus scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i gcás atá le cinneadh ag an mBord Pleanála.
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000; Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (leasaithe)	Acht den Oireachtas a achtaíodh in 2000 maidir le nithe a rialaíonn córas pleanála na hÉireann. Rinneadh codanna d'Acht 2000 a athrú nó a leasú le roinnt Achtanna eile. Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2018 a thugtar orthu seo in éineacht.
Údarás pleanála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
Comhlacht forordaithe	Eagraíocht nó comhlacht atá sonraithe i rialacháin a rinne an tAire.
Crois forbartha straitéisigh	Limistéar a mbeartaítear forbairt a bhfuil tábhacht eacnamaíoch nó sóisialta léi don Stát a dhéanamh air. Tar éis é a ainmniú, moltar dréachtscéim pleanála d'fhorbairt an chreasa seo, de réir a chéile. Is féidir dréachtscéimeanna pleanála a achomharc chuig an mBord Pleanála.
Forbairt straitéiseach tithíochta	Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás forbairtí áirithe tithíochta.

Forbairt bonneagair straitéisigh	Seoltar iarratais ar chead pleanála go díreach chuig an mBord Pleanála i gcás mórfhorbairtí bonneagair de chuid údaráis áitiúil agus údaráis eile.
Aighneacht	I scríbhinn (clóscríofa nó lamhscríofa) a dhéantar aighneachtaí maidir le hachomhairc nó iarratais agus féadfaidh doiciméid tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí, fístéipeanna nó treoir theicniúil a bheith san áireamh iontu.
(Achomharc) Tríú Páirtí	Achomharc ó dhuine seachas an t-iarratasóir in aghaidh cinneadh a rinne údarás pleanála ar fhorbairt bheartaithe (féach Achomharcóir , leis).
Muidne, sinne	An Bord Pleanála.
Tusa	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

Cad is éisteacht ó bhéal ann?

Is ionann éisteacht ó bhéal agus cruinniú poiblí a bhíonn ar oscailt do chách maidir le cás atá os comhair an Bhoird Pleanála, cé nach gach duine atá i dteideal a bheith páirteach sa phlé. Tionóltar éisteachtaí ó bhéal chun tuilleadh plé agus scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn i gcás atá le cinneadh ag an mBord Pleanála. Níor chóir dó a bheith rófhoirmiúil ná ródhleathaíoch.

Tá sé de chumhacht ag Bord an Bhoird Pleanála cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir éisteacht ó bhéal a thionól i gcás ar leith.

Is gnách éisteacht ó bhéal a thionól sna cásanna seo a leanas:


- cásanna de bhonneagar straitéiseach
- cásanna casta achomhairc nó cásanna mar a bhfuil saincheist shuntasach náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil le réiteach
- orduithe ceannaigh éigeantaigh agus cásanna gaolmhara
- cineálacha cásanna eile má mheastar gur gá.

Ní thionóltar éisteacht ó bhéal, ach i gcásanna speisialta, i dtaca le hiarratas ar fhorbairt straitéiseach tithíochta a dhéantar go díreach chuig an mBord Pleanála.

Roimh an éisteacht ó bhéal

Clár oibre

Roimh an éisteacht ó bhéal, scaipfidimid an clár oibre ar gach rannpháirtí sa chás agus foilseofar é ar ár suíomh gréasáin – www.pleanala.ie. Luafar go ginearálta an t-ord ina labhróidh na rannpháirtithe. (Sampla: an t-iarratasóir, comhlachtaí forordaithe, breathnóirí, agóideoirí in aghaidh orduithe ceannaigh éigeantaigh). Tabhair ar aird gur féidir leis an gcigire an clár oibre a athrú ag an éisteacht ó bhéal agus gur am sealadach é gach am a luafar.



Doiciméid a bheith ar fáil

Beidh gach doiciméad cáis a cuireadh isteach chuig an mBord Pleanála nár cuireadh thart iad cheana féin ar fáil lena scrúdú agus lena cheannach ag oifigí an Bhoird Pleanála. Beidh siad ar fáil chomh maith in oifigí údaráis pleanála chuí seacht lá ar a laghad roimh oscailt na héisteachta ó bhéal. Maidir le hachomharcanna, tá doiciméid airithe a cuireadh chuig an údarás pleanála ar fáil cheana féin, ar nós an iarratais phleanála. Beidh an comhad poiblí ar fáil ag an éisteacht ó bhéal chun go ndéanfar scrúdú air ach ní feidir cóipeanna a cheannach.

Cóipeanna de dhoiciméid

Más mian leat doiciméid scríofa a chur ar fáil ag an éisteacht ó bhéal, ní mór ceadú an Chigire a fháil. Ní mór dhá chóip d'aighneachtaí a chur ar fáil don Chigire agus cóip de gach duine de na rannpháirtithe eile. Cuirfear cóip amháin ar an gcomhad poiblí ionas gur féidir amharc air ag an éisteacht ó bhéal. Is faoi na rannpháirtithe a bheidh sé a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun doiciméid a chóipeáil. Má

dhéanfar cur i láthair digiteach ann, ba chóir go gcuirfear cruachóip den chur i láthair isteach chomh maith.

Léirithe digiteachta agus úsáid na teicneolaíochta

Má tá sé i gceist agat léiriú digiteach a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal, ba chóir duit a chinntiú go bhfuil dóthain cóipeanna páipéir agat de le scaipeadh ar na rannpháirtithe eile. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an mBord Pleanála roimh ré le cinntiú go bhfuil áiseanna ríomhaire nó teicneolaíochta ar fáil.

Cabhrú leat ag an éisteacht ó bhéal

Má tá riachtanas rochtana agatsa nó ag duine de do ghrúpa, iarraidimid ort teagmháil a dhéanamh linn a luaithe is féidir agus roimh an dáta deiridh d'iarratais atá tugtha sa litir a fuair tú nó san fhógra a chonaic tú. Má dhéantar iarratas tar éis an dáta deiridh, is féidir uaireanta go dteipfidh orainn an socrú a iarrann tú a dhéanamh roimh thosú na héisteachta ó bhéal. Is féidir gur easpa ama nó nádúr an iarratais féin is cúis leis an teip sin. Ach déanfaimid iarracht cibé socrú is gá a dhéanamh a luaithe is féidir. Gheofar tuilleadh eolais ar [roinn inrochtaineachta](#) ár suímh ghréasáin.

Freastal ar an éisteacht ó bhéal

Baill den phobal

Is féidir le ball ar bith den phobal freastal ar éisteacht ó bhéal. Mura bhfuil aighneacht scríofa déanta agat cheana féin ar an gcás, is féidir go mbeidh tú in ann aighneacht ó bhéal a dhéanamh ag an éisteacht ach ceadú an Chigire a fháil agus an táille chuí a íoc.

Rannpháirtithe sa chás

Cuirfimid gach rannpháirtí sa chás ar an eolas go mbeidh éisteacht ó bhéal ann agus iarrfar orthu bheith i láthair. De réir dlí, ní mór dúinn fógra cúig lá oibre a thabhairt roimh thosú na héisteachta ó bhéal, ach déanaimid iarracht a mhéad fógra is féidir a thabhairt ionas go mbíonn dóthain ama ag rannpháirtithe chun ullmhúcháin a dhéanamh. Tar éis dátaí na héisteachta a shocrú, ní athrófar iad ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Beidh cead ag rannpháirtithe aighneacht ó bhéal a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ach ní bheidh aon cheangal orthu a bheith i láthair. Breithneofar i dTuarascáil an Chigire gach aighneacht scríofa atá faighte cheana féin agus breithneoidh an Bord iad sula ndéantar cinneadh ar an gcás.

Cé gur féidir go roghnóidh rannpháirtithe áirithe ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu ag an éisteacht ó bhéal, ní bheidh aon cheangal orthu an ionadaíocht sin a fháil Cabhróidh cigire an Bhoird Pleanála nó ball foirne eile atá i láthair le rannpháirtithe nach bhfuil taithí acu, a mhéad is féidir.

Ionadaithe poiblí

Féadfaidh ionadaithe poiblí labhairt thar ceann na rannpháirtithe sa chás. Más mian leo aighneacht a dhéanamh ar a son féin, agus murar rannpháirtí iad sa chás, beidh ceadú an Chigire ag teastáil agus beidh táille socraithe le híoc.

Foireann an Bhoird Pleanála

Beidh cigire an cháis agus baill foirne eile ón mBord Pleanála i láthair ag an éisteacht ó bhéal. Braithfidh líon na foirne ar mhéid na héisteachta ó bhéal.

Féadfaidh ár bhfoireann cabhrú leat ag an éisteacht ó bhéal le ceistanna ginearálta nó íoc na dtáillí.

Is é ról an chigire ag an éisteacht ó bhéal:

- an tslí a reáchtálfar an éisteacht ó bhéal a chinneadh agus gníomhú mar chathaoirleach ar an éisteacht ó bhéal
- na saincheistanna a phléifear ag an éisteacht ó bhéal a cinneadh
- an t-ord ina n-éistfear leis na rannpháirtithe a chinneadh
- a chinntiú go bhfaigheann gach rannpháirtí cothrom na Féinne
- an éisteacht ó bhéal a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse réasúnta.

Gnáthéisteacht ó bhéal



An oscailt

Cuirfidh an cigire foireann an Bhoird Pleanála in aithne agus osclófar an éisteacht ó bhéal. Seo na rudaí a dhéanfaidh an cigire:

- an chúis leis an éisteacht ó bhéal agus an clár oibre beartaithe a mhíniú.
- freastal na rannpháirtithe a sheiceáil.
- achoimre a thabhairt ar an bhforbairt bheartaithe nó iarraidh na hiarratasóirí é sin a dhéanamh.
- aon cheist i dtaobh nósanna imeachta a fhreagairt.

Aighneachtaí

- Aighneachtaí scríofa a fuarthas roimh an éisteacht, glacfar leo agus níor chóir iad a léamh ag an éisteacht.
- Glacfar le haighneachtaí ó bhéal san ord atá tugtha ar an gclár oibre.
- Ba chóir do rannpháirtithe a bheith chomh soiléir gonta agus is féidir agus gan aon argóint atá déanta ag duine éigin eile a athlua.

- Ba chóir do rannpháirtithe a bhfuil aighneachtaí cosúla acu teacht le chéile agus urlabhraí amháin a ainmniú, más féidir..
- Tá an ceart ag an gCigire cur isteach ar rannpháirtithe má mheasann sé nach bhfuil a gcuid eolais ná a ndearcadh oiriúnach don éisteacht ó bhéal.
- Tá cumhachtaí ag an gCigire chun fianaise a éisteacht faoi mhionn ach is annamh a dhéantar amhlaidh.

Ceistiú

Ar aon dul leis an gclár oibre, tabharfaidh an Cigire deis do na rannpháirtithe a chéile a chroscheistiú. Chomh maith le cinntiú go dtugtar aird ar phrionsabail an cheartais aiceanta, féadfaidh an croscheistiú a bheith an-úsáideach chun argóintí a thástáil agus easaontas idir na rannpháirtithe a scrúdú. Féadfaidh an cigire rannpháirtithe a cheistiú uair ar bith.

An dúnadh

Tabharfaidh an Cigire cead do rannpháirtithe ráitis ghearra dúnta a dhéanamh más mian leo. Ba chóir go n-achomreofar sna ráitis na príomhphointí a rinneadh níos luaithe agus ar mian leis an rannpháirtí go gcuirfeadh an Bord Pleanála san áireamh. Níor cheart aon tsaincheist ná argóint dlí nua a tharraingt anuas.

Mionathruithe agus coinníollacha féideartha

Is féidir tograí leasaithe agus coinníollacha féideartha a chur i láthair ag an éisteacht lena bplé agus le trácht a dhéanamh orthu. Má ghlacann an cigire leo, ní dhéanfaidh siad dochar do mholadh an chigire ná do chinneadh an Bhoird.



Is féidir le héisteachtaí ó bhéal a bheith strusmhar.

Iarraimid ar rannpháirtithe a bheith **dea-bhéasach, cúirtéiseach** agus **meas** a léiriú i gcónaí ar an uile dhuine atá rannpháirteach

Bímid ag súil go nglacfaidh na rannpháirtithe uile le cinneadh an chigire. ag deireadh na héisteachta ó bhéal agus go léireofar meas air.

Leideanna duit agus d'aighneacht á déanamh ag an éisteacht ó bhéal

- Ullmhaigh trí smaoineamh ar na saincheisteanna pleanála is mian leat a tharraingt anuas. Bí chomh gonta agus is féidir. Déan iarracht gan eolas a athrá.
- Roimh thús na héisteachta, is féidir go mb'fhiú duit d'aighneacht a chleachtadh trína léamh amach os ard ag an mbaile.
- Lean treoracha an chigire agus déan mar a iarrann sé ort. Tá sé ansin chun do thuairimí a chloisteáil. Le linn d'aighneachta, féadfaidh an cigire ceisteanna a chur ort nó tú a stopadh má tá athrá ar siúl agat.
- Tuigeann an cigire go bhféadfá a bheith neirbhíseach agus d'aighneacht á déanamh agat. Déan iarracht labhairt go soiléir agus go réidh.
- Má tá grianghraif, fístéipeanna nó míreanna eile agat le taispeáint le linn d'aighneachta, is féidir go gceadóidh an cigire duit iad a chur i láthair na héisteachta ó bhéal. Ní mór cóipeanna a chur ar fáil agus lipéad cuí a bheith ar gach taispeáint. Iarr tuilleadh eolais ar fhoireann an Bhoird Pleanála roimh ré.
- Déantar éisteacht ó bhéal a thaifeadadh de ghnáth le córas fuaime agus foireann micreafón. Labhair go soiléir isteach sa mhicreafón.

Ag an éisteacht ó bhéal

Fóin phóca

Ba chóir fóin phóca a mhúchadh nó a chur ar ciúnas ag tús na héisteachta ó bhéal.

Wi-Fi

Déanann an Bord Pleanála gach iarracht ionaid a roghnú a bhfuil Wi-Fi ar fáil iontu, ach ní féidir é sin a ráthú.



An Ghaeilge agus éisteachtaí ó bhéal

Tá an fhorbairt beartaithe suite	Teanga
Sa Ghaeltacht	I nGaeilge a bhíonn an éisteacht ó bhéal ach amháin má aontaíonn na rannpháirtithe Béarla a úsáid
Sa bhreac-Ghaeltacht	I mBéarla a bhíonn an éisteacht ó bhéal agus bíonn áiseanna ann don Ghaeilge más gá
Lasmuigh den Ghaeltacht	I mBéarla a bhíonn an éisteacht ó bhéal ach amháin má aontaíonn na rannpháirtithe Gaeilge a úsáid

Cothromaíocht, trédhearcacht agus eolas

Ní ghlacfaidh an cigire le heolas a iarrtar a choimeád faoi rún ó rannpháirtithe eile. Ní ceadmhach do rannpháirtithe labhairt leis an gcigire ar bhonn duine le duine i suíomh neamhphoiblí nó socruithe a dhéanamh chun tuilleadh eolais a thabhairt don chigire lasmuigh den éisteacht ó bhéal.

An éisteacht ó bhéal a thaifeadadh

Ní ceadmhach do rannpháirtithe in éisteacht ó bhéal aon ghrianghraif a thógáil ná íomhánna fístéipe ná fuaimne a thaifeadadh le gléas ar bith (fón póca, deachtafón, táibléad, ceamthaifeadán, m.sh.) Ní ceadmhach gearrscríobhaí gairmiúil a thabhairt chuig an ionad chun trascríbhinn a ullmhú.

Féadfaidh an Bord Pleanála socrú a dhéanamh chun an éisteacht ó bhéal a thaifeadadh go digiteach nó iarraidh ar ghearrscríobhaí trascríbhinn a ullmhú, más rud é go gcabhródh sé leis an gcigire an tuarascáil deiridh a ullmhú nó leis an mBord an cás a bhreithniú. Má dhéantar taifeadadh cuirtear ar fáil don phobal é tar éis an cás a bheith cinnte.

Na meáin

Tá fáilte roimh bhaill de na meáin suí sna suíocháin phoiblí ag an láthair. Más mian le baill de na meáin grianghraif a thógáil nó fístáifeadadh den seomra a dhéanamh sula dtosaíonn an éisteacht ó bhéal, ní mór cead a fháil roimh ré ón gcigire. Is féidir nach gceadóidh an cigire é. Mar a mhínítear thuas, níl cead an éisteacht ó bhéal féin a thaifeadadh i bhfístéip ná i bhfuaim.

Cad a tharlaíonn tar éis éisteacht ó bhéal?

Tar éis an éisteacht ó bhéal a chríochnú, ullmhaíonn an cigire tuarascáil agus moladh don Bhord. Áirítear sa tuarascáil gach doiciméad a bhaineann leis an gcás, an t-eolas a fuarthas ag an éisteacht ó bhéal san áireamh.

Breithníonn an Bord tuarascáil an chigire agus gach doiciméad sa chás agus eisiúnn sé cinneadh. Cuirtear Tuarascáil an Chigire, Treoir an Bhoird agus Ordú an Bhoird (cinneadh) ar fáil ar www.pleanala.ie. Cuirtear gach doiciméad ar chomhad an cháis ar fáil don phobal lena scrúdú agus lena gceannach, cóip d'aon taifeadadh a rinneadh ar an éisteacht san áireamh.

Gnóthaí dlí

Iompraíocht neamh-inghlactha agus cionta

Is gnách d'éisteacht ó bhéal a bheith ann gan mhoill ná cur isteach. Má bhíonn moill nó cur isteach ar éisteacht ó bhéal is féidir leis an gcigire:

- rabhadh a thabhairt don duine
- ordú a thabhairt do dhuine an éisteacht a fhágáil nó iarraidh go dtabharfaí an duine ar shiúl
- cúnamh a iarraidh ar an nGarda Síochána

Tá pionóis ann do dhaoine a chiontaítear as moill a chur ar éisteacht ó bhéal nó cur isteach air. Féadfaidh cúirt ordú a thabhairt do dhuine nó do dhaoine ciontaithe costais a íoc leis an mBord Pleanála nó le haon rannpháirtí a bhí i láthair ag an éisteacht ó bhéal. Is féidir go n-ordófar don duine a thoiligh leis an gcion nó a mhisnigh an duine chun an cion a dhéanamh costais a íoc.

Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt \(leasaithe\)](#)
- [Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha \(leasaithe\)](#)
- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt \(Bonneagar Straitéiseach\) 2006](#)
- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt \(Leasú\) 2010](#)
- [An tAcht Comhshaoil \(Forálacha Ilghnéitheacha\) 2011](#)
- [An tAcht um Pleanáil agus Forbairt \(Tithíocht\) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016](#)

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Tabhair cuairt ar ár n-oifig ag:	An Bord Pleanála,
Scríobh chugainn ag:	64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Ríomhphost:	bord@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie
Seol facs chugainn ar:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Nollaig 2018